C/2026/3360

24.6.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12236 — SAIPEM / SUBSEA7)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3360)

1. An 16 Meitheamh 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Saipem S.p.A. (in éineacht lena fhochuideachtaí uile, Sapiem', an Iodáil) faoi rialú comhpháirteach Eni S.p.A. ('Eni', an Iodáil) agus CDP Equity S.p.A. ('CDP Equity', an Iodáil),

— Subsea7 S.A. ('Subsea7' (in éineacht lena fhochuideachtaí uile, Lucsamburg).

Déanfaidh Saipem cumasc iomlán, de réir bhrí Airteagal 3(1)(a) den Rialachán um Chumaisc, le Subsea7.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann Saipem, cuideachta dhomhanda innealtóireachta agus thógála, seirbhísí a sholáthar don earnáil fuinnimh, agus tá speisialtóireacht aige i dtionscadail amach ón gcósta agus tionscadail ar tír araon. Cumhdaíonn na seirbhísí amach ón gcósta a sholáthraíonn Saipem an slabhra forbartha limistéar ina iomláine, lena n-áirítear seirbhísí fomhuirí imleacáin, píopaí aníos agus sreabhlínte (SURF),

— Déanann Subsea7, cuideachta dhomhanda innealtóireachta agus thógála, seirbhísí a sholáthar don earnáil fuinnimh amach ón gcósta. Tá sé gníomhach go príomha i soláthar tionscadal maidir le seirbhísí SURF, gaoth amach ón gcósta agus iniúchadh, deisiúcháin, cothabháil agus díchoimisiúnú (IRMD) le haghaidh limistéir amach ón gcósta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12236 — SAIPEM / SUBSEA7

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').